



Ciorclán 0019/2013

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomh-Oifigh Feidhmiúcháin Coistí Gairmoideachais

TEIDLÍOCHTAÍ SAOIRE UCHTÁLA DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

I mBunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna Aitheanta

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna daoibh na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le Teidlíochtaí Saoire Uchtála do chúntóirí riachtanas speisialta cláraithe atá fostaithe i bpoist a mhaoinítear go hiomlán le hairgead a sholáthraíonn an tOireachtas a chur i ngníomh.

Déanfaidh gach fostóir na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i ngníomh láithreach agus ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí an chiorcláin seo.

Rachaidh an ciorclán seo in ionad gach ciorcláin, meabhráin, rialach agus rialacháin roimhe seo i ndáil le Teidlíochtaí Saoire Uchtála. Cinntígí, le bhur dtoil, go gcuirtear cóipeanna den chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/den Choiste Gairmoideachais agus go ndéantar aird gach cúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe agaibh, lena n-áirítear iad sin atá as láthair, a dhíriú ar a bhfuil ann.

Tá rochtain ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi www.education.ie – Baile – Foireann Oideachais – Seirbhísí – Sosanna/ Saoire – Saoire Uchtála.

Dalton Tattan
Téarmaí agus Coinníollacha
Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta
27 Márta 2013

Pádraig Maloney
Rannóg Párolla

27 Márta 2013

Mínithe

Chun críocha na scéime seo, beidh ag na téarmaí seo a leanas na mínithe a shanntar dóibh anseo mura léirítear a mhalairt sa chomhthéacs:

Foirm AB1 – ciallaíonn sé Foirm Sochair Uchtaíoch na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Údarás Uchtála na hÉireann – ciallaíonn sé an comhlacht reachtúil neamhspleách atá freagrach as an bpróiseas uchtála a mhaoirsiú thar ceann an Stáit.

Sochar Uchtaíoch – ciallaíonn sé íocaíocht a dhéanann an Roinn Coimirce Sóisialaí leo sin atá ar saoire uchtála agus a chomhlíonann na critéir cháilitheacha le haghaidh an tsochair.

Athair uchtála – ciallaíonn sé fostaí fir ar cuireadh nó a gcuirfear leanbh faoina chúram d'fhonn ordú uchtála a dhéanamh i gcás go bhfuair an mháthair uchtála bás.

Máthair uchtála – ciallaíonn sé bean ar cuireadh nó a gcuirfear leanbh (nach í a mháthair nádúrtha nó a máthair nádúrtha í) faoina chúram.

Cúntóir Riachtanas Speisialta – ciallaíonn sé máthair uchtála nó fear- uchtaitheoir aonair.

Deimhniú Suímh – ciallaíonn sé doiciméad arna eisiúint ag Údarás Uchtála na hÉireann ina luaitear dáta suímh, inscne agus aois an linbh atá á uchtáil nó á huchtáil agus ainm agus seoladh an tuismitheora uchtála nó na dtuismitheoirí uchtála.

Dearbhú i dtaobh Incháilitheachta agus Oiriúnachta – ciallaíonn sé dearbhú arna eisiúint ag Údarás Uchtála na hÉireann ina ndaingnítear go gceadaítear don tuismitheoir uchtála nó do na tuismitheoirí uchtála a bheith ag uchtáil idir tíortha.

DSP – ciallaíonn sé an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Fostóir – ciallaíonn sé Coiste Gairmoideachais (CGO) do ghairmscoileanna/do choláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir freagracht as na nithe a leagtar amach sa chiorclán seo a tharmligean chuig Príomhoide na scoile.

Bliain Saoire – ciallaíonn sé an tréimhse ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa gach bliain.

NCSE – ciallaíonn sé an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

Córas Éileamh Ar Líne (OLCS) – ciallaíonn sé an córas chun asláithaireachtaí a thairfeadh agus leitháireamh a dhéanamh maidir leis na héilimh chun cúntóirí riachtanas speisialta ionaid agus páirtaimseartha neamhsheasta a íoc atá á oibriú faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

Bliain Scoile – mar a mhíníonn an tAire Oideachais agus Scileanna é ó am go ham agus, faoi láthair, a thosaíonn an 1 Meán Fómhair agus a chríochnaíonn an 31 Lúnasa gach bliain.

Fear-Uchtaitheoir Aonair – ciallaíonn sé fostaí fir ar cuireadh nó a gcuirfear leanbh faoina chúram aonair, faoi réir cheadú Údarás Uchtála na hÉireann.

An Roinn – ciallaíonn sé an Roinn Oideachais agus Scileanna.

1. Saoire Uchtála

- 1.1 Is é atá i saoire uchtála tréimhse 24 seachtaine as a chéile ón dáta a shuítear an leanbh leis an gcúntóir riachtanas speisialta uchtála.
- 1.2 Deonaítear saoire uchtála do chúntóirí riachtanas speisialta ar mháithreacha uchtála nó ar fear-uchtaitheoirí aonair iad. D'fhéadfadh go mbeidh an t-athair uchtála nach fear-uchtaitheoir aonair a bheith i dteideal saoire uchtála in imthosca áirithe. Féach alt 10 le haghaidh mionsonraí i dtaobh na forála sin.
- 1.3 D'fhonn cáiliú le haghaidh saoire uchtála, ní mór d'Údarás Uchtála na hÉireann an uchtáil a chur ar bhonn foirmiúil cibé más uchtáil choigríche nó bhaile í.
- 1.4 I gcás uchtála baile, ní mór *Deimhniú Suímh* a sholáthar don fhostóir tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine tar éis an dáta suímh.
- 1.5 I gcás uchtála coigríche, ní mór don chúntóir riachtanas speisialta uchtála *Dearbhú i dtaobh Incháilitheachta agus Oiriúnachta* a fháil ó Údarás Uchtála na hÉireann roimh dháta an tsuímh. A luaithe is indéanta tar éis dháta an tsuímh, ba cheart don chúntóir riachtanas speisialta uchtála dearbhú i scríbhinn a sholáthar don fhostóir maidir le suíomh.
- 1.6 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht chúntóra riachtanas speisialta maidir le saoire uchtála, le pá nó gan phá, ar dhul in éag do chonradh, agus gan athnuachan déanta ar an gconradh sin.

2. Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá

- 2.1 Tá an rogha ag cúntóir riachtanas speisialta uchtála uasmhéid 16 seachtaine as a chéile de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá a thógáil.
- 2.2 I gcás uchtálacha coigríche, féadfar cuid den tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá, nó iomlán na saoire sin, a thógáil roimh dháta an tsuímh, chun go mbeidh an cúntóir riachtanas speisialta uchtála in ann freastal ar chruinnithe agus/nó ar ranganna a bheidh ar siúl lasmuigh den Stát, nó chun aithne a chur ar an leanbh. Ní mór go scoirfidh tréimhse saoire uchtála reachtúla breise gan phá arna tógáil faoin bhforáil seo tráth nach déanaí ná an lá deiridh díreach roimh dháta an tsuímh. Féadfar a mbeidh fágtha d'aon saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá a thógáil díreach tar éis dheireadh na saoire uchtála.
- 2.2 D'fhéadfadh go bhfuil cúntóir riachtanas speisialta uchtála a bhaineann leas as saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá i dteideal 'creidmheasanna ÁSPC'. Le do thoil, comhlánaigh an tIarratas ar Chreidmheasanna Saoire Uchtaíche atá ar fáil ó DSP agus iarr ar d'fhostóir cuid an fhostóra a chomhlánú agus é a chur ar ais chuig an DSP.

3. An tOrd ina gcaitear saoire a thógáil

- 3.1 Is iad seo a leanas na socruithe seicheamhaithe le haghaidh teidlíochtaí uchtála:
 - (a) I gcás uchtálacha coigríche, féadfar cuid den tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá (uasmhéid 16 seachtaine), nó an tsaoire sin iomlán, a thógáil roimh an leanbh a shuíomh
 - (b) Saoire uchtála (24 seachtaine)

(c) Saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá suas le huasmhéid 16 seachtaine. (I gcás uchtálacha coigríche, ciallaíonn sé sin aon teideal atá fanta de na 16 seachtaine nár úsáideadh cheana roimh an uchtáil)

3.2 Nuair atá leas bainte as gach cineál saoire gaolmhaire, de réir mar is cuí i gcás gach pearsan aonair, is é an chéad lá oibre eile ansin an dáta athfhillte don chúntóir riachtanas speisialta uchtála.

4. Nósanna Imeachta Iarratais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta

4.1 Ba cheart do chúntóirí riachtanas speisialta uchtála iarratas ar shaoire uchtála le pá agus gan phá araon a dhéanamh chuig a bhfostaí 6 seachtaine ar a laghad sula dtosaíonn siad ar an tsaoire ar an bhfoirm iarratais fhorordaithe atá ag gabháil leis an gclár seo in Aguisín 1.

4.2 Tá an t-iarratasóir freagrach as foirm AB1 a chomhlánú agus ba cheart dó nó di a chinntiú go gcomhlánaíonn an scoil cuid an fhostóra sula gcuirtear ar aghaidh í chuig DSP 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe. **NÍ CEART** foirm AB1 a chur chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna.

5. Ríomhanna agus Nósanna Imeachta OLCS d’Fhostóirí

5.1 Ní mór d’fhostóirí asláithreachtaí a thaifeadh ar OLCS 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta tosaithe le haghaidh saoire uchtála.

5.2 Tá an nós imeachta chun asláithreacht saoire uchtála a thaifeadh ar OLCS i gceangal in Aguisín B a ghabhann leis an gclár seo.

5.3 Tá cás saoire uchtála samplach agus bileog oibre shamplach i gceangal in Aguisín C a ghabhann leis an gclár seo.

6. Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais

6.1 Díreoidh an fostóir an comhfhreagras riachtanach go léir chuig an gcúntóir riachtanas speisialta uchtála ag an seoladh deiridh a cuireadh in iúl agus ní bheidh aon locht ar an bhfostóir i gcás nach bhfaigheann an cúntóir speisialta uchtála an comhfhreagras sin.

7. Teidlíocht chuig Saoire Bhliantúil Reachtúil/Saoire Phoiblí

7.1 I gcoitinne, tá fostaithe lánaimseartha i dteideal 20 lá de shaoire bhliantúil. Tá fostaithe a oibríonn líon is lú ná uaireanta lánaimseartha i dteideal saoire bhliantúil ar bhonn *pro rata*.

7.2 Déileálfar le haon teidlíochtaí maidir le laethanta saoire poiblí le linn a bheith ar saoire uchtála mar shaoire bhliantúil bhreise.

7.3 Ní mór na laethanta saoire bliantúla sin a thógáil ar laethanta ar a bhfuil an scoil dúnta agus atá ann i rith na bliana saoire atá i gceist i.e. roimh an tréimhse saoire uchtála agus i ndiaidh na tréimhse sin. Tógfar laethanta saoire bliantúla tráth éigin lasmuigh den tréimhse saoire uchtála.

- 7.4 Nuair atá leas á bhaint as saoire uchtála reachtúil ach nach bhfuil go leor laethanta ann ar a bhfuil an scoil dúnta sa bhliain saoire chun na teidlíochtaí saoire bhliantúla uile a iompar, ceadáitear na laethanta is gá a thógáil díreach roimh an tsaoire uchtála sa bhliain saoire chéanna. De rogha air sin, ceadófar do chúntóirí riachtanas speisialta an t-iarhméid a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad bhliain saoire eile ach ansin, ní mór dóibh na laethanta sin a thógáil ar laethanta iad nuair atá an scoil dúnta.
- 7.5 D'fhéadfadh cúntóirí riachtanas speisialta a éiríonn as/a théann ar scor a bheith i dteideal íocaíochta breise in ionad a gcuid saoire fabhráithe.

8. Socruithe Pá agus Sochar Uchtaíoch

- 8.1 Ní teideal reachtúil é leanúint den tuarastal a fháil le linn saoire uchtála agus braitheann sé ar théarmaí agus coinníollacha comhaontaithe na scéime seo a chomhlíonadh.
- 8.2 Ba cheart aon ghníomh a fhágann gur gá coigeartú a dhéanamh ar phá chúntóra riachtanas speisialta a chur in iúl láithreach don Roinn/don Choiste Gairmoideachais.
- 8.3 Faoi na rialacháin DSP, déanfar aon Sochar Uchtaíoch is iníochta ag DSP le ranníocóirí ÁSPC de réir an ráta iomláin (Aicme A) a eisiúint go díreach chuig an gcúntóir riachtanas speisialta atá i gceist. Ar dtús, déanfaidh an Roinn asbhaint as an tuarastal a bheidh ar cóimhéid leis an ráta seachtainiúil uasta de Shochar Uchtaíoch is iníochta leis an gcúntóir riachtanas speisialta.
- 8.4 Más lú an méid Sochair is iníochta leis an gcúntóir riachtanas speisialta ná an t-uasmhéid, nó mura bhfuil teideal ag duine chuig aon Sochar Uchtaíoch, ba cheart dó/di an méid sin a chur in iúl dá rannóg párolla láithreach chun a chinntiú go bhfanann sé/sí ar an tuarastal cuí. Féadfar athruithe a dhéanamh ar an asbhaint uathoibríoch ar choinníoll go ndéanann an cúntóir riachtanas speisialta cóip den fhógra i scríbhinn ó DSP maidir leis an ráta Sochair iarbhír is infheidhme, más aon ráta é, a thabhairt don rannóg párolla iomchuí. Déanfar asbhaintí, más cuí, gach coicís le linn na tréimhse saoire le pá suas le huasmhéid 24 seachtaine le haghaidh saoire uchtála. Má dhéantar na hasláithreachtaí a thaifeadadh déanach, ní mór aon riaráistí a bhaint as an tuarastal tar éis dháta an fhógra.
- 8.5 Déileálfar le híocaíocht Sochair Uchtaíoch mar ioncam inchánach le héifeacht ón 1 Iúil 2013.

9. Am saor le haghaidh Ranganna, Cruinnithe agus Cuirteanna Réamh-Uchtála laistigh den Stát

- 9.1 Tá cúntóir riachtanas speisialta uchtála i dteideal am saor a fháil ón obair, gan pá a chailliúint, chun freastal ar ranganna nó cruinnithe réamh-uchtála arna réachtáil laistigh den Stát agus a bhfuil oibleagáid orthu freastal orthu mar chuid den phróiseas uchtála.
- 9.2 Ba cheart fógra coicíse a thabhairt i gcás gach asláithreachta dá dtagraítear san alt seo agus deimhniú cuí a sholáthar.

10. Saoire Athar: Teidlíocht ar Shaoire Uchtála sa chás go bhfaigheann an mháthair bás.

- 10.1 I gcás go bhfaigheann an mháthair uchtála bás aon tráth roimh a cuid saoire uchtála nó lena linn, beidh an t-athair uchtála i dteideal a mbeidh fanta den tsaoire a fháil.
- 10.2 Ba cheart don athair uchtála é a chur in iúl dá fhostóir a luaithe is indéanta go bhfuil sé ar intinn aige saoire uchtála agus/nó saoire uchtála reachtúil/neamhreachtúil bhreise gan phá a thógáil.
- 10.3 Ba cheart an Deimhniú Suímh, nó an Deimhniú i dtaobh Incháilitheachta agus Oiriúnachta, a sholáthar don fhostóir laistigh de 4 seachtaine tar éis an leanbh a shuíomh/tar éis tosú ar an tsaoire.
- 10.4 Ba cheart go dtosóidh an tsaoire de ghnáth laistigh de 7 lá tar éis an teagmhais is cúis le teidlíocht an athar nó ar lá an tsuímh; cibé acu is déanaí. Chun leas a bhaint as a theideal saoire, féadfaidh an t-athair sa chás sin iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig a fhostóir. A luaithe is indéanta le réasún, ba cheart cóip de dheimhniú báis na máthar a sholáthar don fhostóir.
- 10.5 Beidh feidhm freisin maidir le saoire an athar ag an socrú seicheamhaithe a léirítear in **Alt 3**:
- (a) Saoire Athar (aon iarmhéid a bheidh fágtha de theideal saoire uchtála 24 seachtaine na máthar a aistriú chuig an athair)
- (b) Saoire athar reachtúil bhreise gan phá (aon iarmhéid a bheidh fágtha de shaoire reachtúil bhreise 16 seachtaine na máthar gan phá)

11. Saoire a chur siar, lena n-áirítear i gcás an leanbh a bheith san ospidéal

- 11.1 I gcás go gcuirtear siar an dáta suímh, féadfar dáta tosaithe na saoire uchtála a chur siar freisin, ar choinníoll go gcuirtear an dáta nua suímh in iúl don fhostóir a luaithe is féidir.
- 11.2 I gcás an leanbh a bheith san ospidéal, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir chun aon cheann díobh seo a leanas a chur siar:
- (a) saoire uchtála
- (b) saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá
- (c) saoire athar
- (d) saoire athar reachtúil bhreise gan phá
- 11.3 Má chuirtear saoire siar, ní mór don chúntóir riachtanas speisialta filleadh ar dhualgais sa scoil le linn na tréimhse a chuirtear an tsaoire siar. Ní mór iarratas chun saoire a chur siar a dhéanamh i scríbhinn chuig an bhfostóir agus deimhniú ón ospidéal ina bhfuil an leanbh a bheith ina theannta. Ní mór don fhostóir fógra i scríbhinn a thabhairt don chúntóir riachtanas speisialta a luaithe is féidir maidir lena chinneadh. Má chuirtear an tsaoire siar, ní mór don fhostóir agus don chúntóir riachtanas speisialta dáta fillte ar an obair a chomhaontú.
- 11.4 Ní mór fógra a thabhairt láithreach don Roinn/don Choiste Gairmoideachais agus don DSP má tá an cúnatóir riachtanas speisialta le filleadh ar an obair chun cúrsaí pá a choigeartú agus chun go scoirfead d'aon sochar ó DSP agus chun íocaíocht leis an gcúnatóir riachtanas speisialta ionaid a thabhairt chun críche.

- 11.5 Ní mór an tsaoire a chuirfear siar a thógáil in aon tréimhse leanúnach amháin dar tús tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an leanbh a scaoileadh amach as an ospidéal. 6 mhí an tréimhse uasta maidir le saoire a chur siar.
- 11.6 Ní mór don chúntóir riachtanas speisialta litir nó doiciméad cuí eile ón ospidéal nó ó dhochtúir an linbh a sholáthar don fhostóir ina ndeimhnítear an dáta a scaoileadh an leanbh amach.
- 11.7 Má éiríonn an cúntóir riachtanas speisialta breoite tar éis filladh ar an obair agus sula dtógann sé/sí an tsaoire a cuireadh siar, measfar gur thosaigh sé/sí ar an tsaoire a cuireadh siar ar an gcéad lá atá sé/sí as láthair mar gheall ar an mbreioiteacht mura gcuireann an cúntóir riachtanas speisialta in iúl don fhostóir nach mian leis/léi tosú ar an tsaoire a cuireadh siar. Má tharlaíonn an méid sin, forghéillfidh sé/sí an tsaoire a cuireadh siar agus déileálfar leis an asláithreacht mar shaoire bhreioiteachta. Ba cheart na gnáthnósanna imeachta i ndáil le saoire bhreioiteachta a leanúint, lena n-áirítear deimhniú liachta a sholáthar, más cuí sin.

12. Suíomh a Fhoirceannadh

- 12.1 Más rud é, ar chúis seachas mar gheall ar bhás an linbh, go bhfoirceanntar suíomh le cúntóir riachtanas speisialta sula mbeidh an tsaoire uchtála nó an tsaoire uchtála reachtúil/neamhreachtúil bhreise gan phá caite, ní mór don chúntóir riachtanas speisialta fógra a thabhairt i scríbhinn don fhostóir maidir leis an dáta foirceanta laistigh de 7 lá.

13. Saoire uchtála/saoire athar reachtúil bhreise gan phá a fhoirceannadh i gcás an mháthair/an t-athair a bheith breoite

- 13.1 Má rinne cúntóir riachtanas speisialta iarratas ar shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá, nó ar shaoire athar reachtúil bhreise gan phá, agus go n-éiríonn sé/sí breoite ina dhiaidh sin, tá sé/sí i dteideal an t-iarratas sin a chur ar ceal i scríbhinn, tráth nach déanaí ná 4 seachtaine roimh an dáta a bhfuil an tsaoire sin ceaptha tosú. Má tá an spriodhata 4 seachtaine caite, cailltear an teideal chun an tsaoire a chur ar ceal. Féadfar iarratas foirmeálta a dhéanamh, áfach, chun an tsaoire sin a chur ar ceal i bhfabhar saoire bhreioiteachta dheimhnithe.
- 13.2 Tá ceadú i leith iarratas den sórt sin chun an tsaoire a fhoirceannadh faoi réir rogha an fhostóra. Má cheadaítear í, ní mór don fhostóir agus don chúntóir riachtanas speisialta an dáta le haghaidh aon fhoirceannadh saoire den sórt sin a chomhaontú. Ní féidir leis an dáta a chomhaontaítear a bheith níos luaithe ná an chéad lá breioiteachta deimhnithe ná níos déanaí ná an tráth a chríochnódh an tsaoire fhoirceanta thairis sin. Beidh feidhm ansin ag na gnáthnósanna imeachta i ndáil le saoire bhreioiteachta. Ní bheidh an cúntóir riachtanas speisialta i dteideal an tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ná aon chuid di nár tógadh faoi thús na saoire breioiteachta a thógáil ina dhiaidh sin.
- 13.3 Chun aon choigeartú riachtanach ar phá a éascú, ní mór fógra a thabhairt láithreach don Roinn/don Choiste Gairmoideachais go bhfuil an cúntóir riachtanas speisialta ar saoire bhreioiteachta anois.

14. Conarthaí Ionaid

- 14.1 Maidir le gach asláithreacht a thagann faoi réim théarmaí an chiorcláin seo agus a mhaireann lá amháin ar a laghad, tá siad inionadaithe. Ba cheart tagairt shoiléir a

bheith i gconarthaí a bhronntar chun asláithreachtaí a léirítear sa chiorclán seo a chumhdach go bhfuil imthosca ann ina bhféadfadh gur ghá an ceapachán ionaid a fhoirceannadh i gcás go bhfilléann an cúntóir riachtanas speisialta atá as láthair ar a chuid dualgas nó ar a cuid dualgas níos luaithe ná mar a síleadh i dtosach. (e.g. i gcás go ndéanann cúntóir riachtanas speisialta atá as láthair cuid den tsaoire uchtála a chur siar mar gheall ar an leanbh a bheith san ospidéal).

15. Stádas le linn Saoire

- 15.1 Maidir le cúntóir riachtanas speisialta atá as láthair ar aon cheann de na cineálacha saoire dá dtagraítear sa chiorclán seo, meastar go raibh sé/sí i bhfostaíocht an tráth sin. Tá asláithreachtaí le pá ináirithe go hiomlán chun gach críche lena n-airítear sinsearach. Tá saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ináirithe chun gach críche, seachas luach saothair agus aoisliúntas.
- 15.2 I gcás cúntóra riachtanas speisialta atá ar promhadh ag tús saoire uchtála, beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí i rith na hasláithreacha agus tabharfaidh an cúntóir riachtanas speisialta chun críche í ar fhilleadh ar an obair dó/dí.

16. Fostaíocht le linn a bheith ar Saoire Uchtála

- 16.1 Ní ceadmhach do chúntóirí riachtanas speisialta gabháil d'aon fostaíocht íoctha le linn dóibh a bheith ar saoire uchtála. Faoi rialacháin DSP, féadfar Sochar Uchtaíoch a fhoirceannadh i gcás go nglactar le fostaíocht íoctha le linn a bheith ar saoire uchtála. D'fhéadfadh gur ghá aon íocaíocht tuarastail ón Roinn seo a athbhreithniú i gcás Sochar Uchtaíoch a fhoirceannadh mar gheall ar neamh-chomhlíonadh théarmaí scéime DSP.

17. Filleadh ar Dhualgais

- 17.1 Ba cheart don fhostóir ráiteas i scríbhinn a sholáthar don chúntóir riachtanas speisialta atá as láthair maidir leis an asláithreacht agus maidir leis an dáta a meastar go bhfillfidh sé/sí ar dhualgais. Ba cheart fógra i scríbhinn a thabhairt don fhostóir ceithre seachtaine sula mbeidh an cúntóir riachtanas speisialta ceaptha teacht ar ais chuig an áit oibre ag deimhniú go bhfuil sé ar intinn aige/aici fillleadh ar dhualgais ón dáta sin.

18. Méadú/Laghdú ar Leithdháiltí Cúntóirí Riachtanas Speisialta

- 18.1. I gcás go méadaítear na huairéanta a leithdháiltear ar chúntóir riachtanas speisialta i rith tréimhse a saoire uchtála, méadófar a tuarastal le héifeacht ón dáta ar a bhfilléann sí ar dhualgas sa scoil leis na huairéanta méadaithe.

Méadófar uairéanta an chúntóra riachtanas speisialta ionaid le héifeacht ón dáta a thagann an leithdháileadh méadaithe, a mhol an NCSE, in éifeacht sa scoil.

- 18.2 I gcás go laghdaítear na huairéanta a leithdháiltear ar phost cúntóra riachtanas speisialta i rith tréimhse a saoire uchtála, laghdófar a tuarastal le héifeacht ón dáta inar cuireadh an leithdháileadh laghdaithe i bhfeidhm sa scoil ag an NCSE. Féadfaidh an cúntóir riachtanas speisialta cur isteach ar chúiteamh ar chaillteanas uairéanta faoi théarmaí ciorcláin reatha na Roinne ar shocruithe iomarcaíochta do chúntóirí riachtanas speisialta laistigh de 52 seachtain ón dáta ar a laghdaíodh an post.

Tiocfaidh laghdú ar uaireanta an chúntóra riachtanas speisialta ionaid le héifeacht ón dáta ar a dtagann an leithdháileadh laghdaithe, a mhol an NCSE, in éifeacht sa scoil.

19. Comhlíonadh

- 19.1 Ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí leis na rialacháin agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa chiorclán seo. Má mhainníonn an cúntóir riachtanas speisialta na rialacháin agus na nósanna imeachta a urramú, déileálfar leis sin faoi na nósanna imeachta araíonachta agus d'fhéadfaí scor den tuarastal a íoc mar thoradh ar an méid sin.
- 19.2 Ní mór don fhostóir an doiciméadacht go léir a bhaineann le socruithe saoire uchtála a choinneáil i dteannta na dtairfead pearsanra iomchuí. D'fhéadfaí na taifid sin a roghnú lena n-íniúchadh ag oifigigh ainmnithe de chuid na Roinne. Ba cheart go mbeadh gach taifead ag teacht leis an ionchur sonraí ar OLCS.

20. Eolas Breise

- 20.1 Dé réir na míre tosaigh, tá na rialacháin atá sa chiorclán seo le cur i ngníomh ag an bhfostóir. Mar sin, ba cheart aird an fhostóra a dhíriú ar gach ceist i dtosach agus d'fhéadfadh go mba mhian leis an bhfostóir dul i gcomhairle lena eagraíocht ionadaíochta agus d'fhéadfadh go mba mhian leis an eagraíocht sin dul i gcomhairle leis an Roinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie

Aguisín A

Foirm Iarratais le haghaidh Teidlíochtaí Saoire Uchtála

Ní mór an fhoirm iarratais seo a chomhlánú go hiomlán agus a choinneáil sa scoil chun críocha taifid agus iniúchta. Féadfar í a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar shaoire uchtála agus/nó ar shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá. Ba cheart í a chomhlánú agus a chur isteach 6 seachtaine ar a laghad roimh an dáta a bhfuil an tsaoire ceaptha tosú.

NÍ CEART an t-iarratas seo a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Má íocann an t-iarratasóir ranníocaí ÁSPC de chuid Aicme A, ba cheart foirm AB1 a chur faoi bhráid DSP. Tá an fhoirm sin ar fáil ó DSP nó ar líne ag: www.welfare.ie

IARRATAS MAIDIR LE:

Saoire Uchtála Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá

Cuir tic leis an tsaoire chuí:

Ainm: _____ Scoil: _____

Uimh. Rolla _____ Uimh. Theagmhála: _____ PPSN: _____

Dáta suímh tuartha (EDP) _____ / _____ / _____

(Ba cheart deimhniú suímh a chur isteach a luaithe is indéanta le réasún. I gcás uchtála coigríche, ba cheart dearbhú i dtaobh incháilitheachta agus oiriúnachta a sholáthar roimh thosú ar an tsaoire)

I gcás uchtála coigríche, má tá aon chuid den tsaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá le tógáil roimh an leanbh a shuíomh, cuir isteach na dátaí anseo le do thoil: _____ go dtí an _____

Is mian liom 24 seachtaine de Shaoire Uchtála a thógáil ón _____ go dtí an _____ (cuir isteach na dátaí)

Luaigh an líon laethanta (más ann) de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá atá le tógáil tar éis na saoire uchtála: _____ (laethanta comhleanúnacha agus deiridh seachtaine san áireamh)

Saoire uchtála reachtúil bhreise gan phá ón _____ go dtí an _____ (cuir dátaí uileghabhálacha isteach)

Is mian liom cur isteach ar an tsaoire thuas de réir théarmaí Chiorclán 0019/2013

Síniú an chúntóra riachtanas speisialta:
_____ ***Dáta:*** _____

Ceadú agus Fíorú ag an bhFostóir

Deimhním gur cheadaigh mé an tsaoire thuas de réir théarmaí Chiorclán 0019/2013 agus gur choinnigh mé na doiciméid seo a leanas i gcomhad chun críocha iniúchta:

- 1) Gach iarratas ar theidlíochtaí saoire uchtála.
- 2) Deimhniú suímh (dearbhu i dtaobh incháilitheachta agus oiriúnachta, más cuí).
- 3) Cóip d'fhoirm AB1 chomhlánaithe.

Síniú: _____ ***Dáta:*** _____

(Thar ceann an Fhostóra)

Aguisín B

Nósanna imeachta a bhaineann le Saoire Uchtála a Thaifeadh ar OLCS (scoileanna nach scoileanna gairmoideachais iad)

- 1) Gliogáil ar Add faoi Leave ar roghchlár OLCS
- 2) Cuir isteach dáta tosaithe agus dáta críochnaithe na saoire.
 - Gliogáil ar Next
- 3) Roghnaigh an ball den fhoireann atá ar saoire
 - Roghnaigh an earnáil saoire – Saoire Teaghlaigh agus
 - Roghnaigh an fho-earnáil saoire – Saoire Uchtála
Ba cheart gur 168 (24 seachtaine) an líon iomlán laethanta i leith saoire uchtála.
 - Gliogáil ar Next
- 4) Gliogáil ar Add Child agus cuir na mionsonraí isteach
 - Gliogáil ar Add

Faisnéis chun Cuidiú le Fostóirí Foirm AB1 a Chomhlánú

➤ Taispeántar liosta de na seachtainí ÁSPC don bhliain reatha agus don bhliain roimhe sin ar OLCS chun cuidiú le comhlánú chuid an Fhostóra d'fhoirm AB1.

➤ I gcás gur 52 an líon iomlán seachtainí ÁSPC don bhliain chánach roimhe sin agus go raibh an cúntóir riachtanas speisialta i bhfostaíocht leanúnach ón tráth sin, ansin is é 52 an líon iomlán seachtainí atá le cur isteach. Más lú ná 52 an líon iomlán seachtainí agus go bhfuil conradh ag an gcúntóir riachtanas speisialta suas go dtí dáta tosaithe na saoire uchtála, is é an líon iomlán seachtainí comhshuim na seachtainí ÁSPC sa bhliain chánach roimhe sin agus na seachtainí ÁSPC sa bhliain chánach reatha go dtí dáta tosaithe na saoire uchtála.

➤ Cuir isteach Uimhir Chláraithe chuí an Fhostóra agus cuir síniú, dáta agus stampa uirthi dá réir sin

Is é 9599516K Uimhir Chláir an Fhostóra do chúntóirí riachtanas speisialta

- Gliogáil ar Add. Taispeántar teachtaireacht daingniúcháin.

Nóta: Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise Gan Fá

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir asláithreacht ar Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Fá a thaifeadh ar OLCS go dtí an chéad lá oibre eile tar éis fógra a thabhairt maidir le Saoire Uchtála. Ní mór don Roinn an tSaoire Uchtála a fhíorú i dtosach d'fhonn tosú ar asbhaintí ón tuarastal.

Aguisín C (i)

Ríomh Saoire Uchtála Samplaí**Sampla**

Tá an sampla bunaithe ar Dháta suímh arb é an 20 Meán Fómhair 2013 é agus ar úsáid iomlán an 112 lá de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá (a dtógtar cuid di roimh an dáta suímh agus cuid di tar éis na saoire uchtála).

| | |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>(1) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá (uasmhéid 16 seachtaine=112 lá)</p> <p>Uchtáil Choigríche: I gcás gur gá Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá a thógáil roimh an dáta suímh, chun críocha cruinnithe lasmuigh den Stát nó chun aithne a chur ar an leanbh atá le huchtáil, féadfar cuid den tSaoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá, nó an tsaoire sin iomlán, a thógáil roimh an dáta suímh.</p> | <p>Sa sampla seo, tógtar 11 lá roimh an dáta suímh chun aithne a chur ar an leanbh i gcás uchtála coigríche:</p> <p>Ón 9 Meán Fómhair go dtí an 19 Meán Fómhair 2013 = 11 lá</p> <p>Fágfar 101 lá as an leithroinnt 112 lá de shaoire uchtála reachtúil bhreise gan phá</p> |
| <p>(2) Dáta Tosaithe le haghaidh 24 seachtaine de Shaoire Uchtála (is ionann agus an dáta suímh)</p> | <p>An 20 Meán Fómhair 2013</p> |
| <p>(3) Dáta deiridh le haghaidh Saoire Uchtála (an lá deiridh den tsaoire)</p> | <p>An 06 Márta 2014 (tá an dáta sin 24 seachtaine tar éis an 20 Meán Fómhair)</p> |
| <p>(4) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá (uasmhéid 16 seachtaine =112 lá)</p> | <p>Sa sampla seo, tógadh 11 lá cheana roimh an suíomh [féach (1) thuas], agus fágann sé sin go bhfuil suas le 101 lá le tógáil anois. Tógtar iomlán an 101 lá sa chás seo.</p> <p>Ón 07 Márta 2014 go dtí an 15 Meitheamh 2014, go huile</p> |
| <p>(5) Dáta athfhillte sealadach tar éis Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá</p> | <p>An 16 Meitheamh 2014</p> |

Aguisín C (ii)
BILEOG OIBRE MAIDIR LE SAOIRE UCHTÁLA

| | | |
|----------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|
| AINM: | | Uimh. PPS: |
| (1) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá | <p>Uchtáil choigríche: Ní mór don iarratasóir cóip den <i>dearbhuí i dtaobh incháilitheachta agus oiriúnachta</i> a thabhairt don fhostóir chun a theideal/a teideal chun na saoire a shuíomh.</p> <p>I gcás gur gá tréimhse de Shaoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá a thógáil roimh an dáta suímh, chun críocha cruinnithe lasmuigh den Stát nó chun aithne a chur ar an leanbh atá le huchtáil, féadfar cuid den tSaoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá, nó iomlán na saoire sin, a thógáil roimh an dáta suímh.</p> | <p>Dátaí:</p> <p>Ón: _____</p> <p>Go: _____</p> <p>An líon laethanta arna dtógáil _____</p> |
| (2) Dáta Tosaithe/ Dáta Suímh | <p>Tosaíonn 24 seachtaine de Shaoire Uchtála ón dáta a shuítear an leanbh.</p> <p>Uchtáil bhaile: ba cheart <i>deimhniú suímh</i>, ina dtugtar an dáta suímh oifigiúil/an dáta suímh tuartha a sholáthar don fhostóir a luaithe is indéanta le réasún.</p> <p>Uchtáil choigríche: Ní mór cóip den <i>dearbhuí i dtaobh incháilitheachta agus oiriúnachta</i>, mar aon le sonraí an tsuímh, a thabhairt don fhostóir a luaithe is indéanta le réasún.</p> | Dáta: |
| (3) Dáta deiridh Saoire Uchtála: | Comhair 24 seachtaine ón dáta tosaithe (168 lá) | Dáta: |
| (4) Saoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá | <p>Is é 16 seachtaine (112 lá) an méid saoire gan phá a gcuirtear isteach uirthi faoi réir an uasmhéid reachtúil saoire gan phá is incheadaithe</p> <p>Uchtáil choigríche: Má úsáideadh cuid den tsaoire sin roimh an suíomh, ansin níl fágtha le tógáil anois ach an t-iarmhéid nár úsáideadh den leithdháileadh 16 seachtaine.</p> | <p>Dátaí:</p> <p>Ón: _____</p> <p>Go: _____</p> |
| (5) Dáta fillte | Ríomh an chéad lá oibre eile atá tar éis dheireadh na tréimhse de Shaoire Uchtála Reachtúil Bhreise gan Phá | Dáta: |

Ráiteas Príobháideachais Cosanta Sonraí

An phríomhchúis go n-iarrann an Roinn sonraí pearsanta ort ná chun d'iarratas ar Shaoire Uchtála a phróiseáil. Na sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú, is féidir go malartófar iad idir d'fhostóir agus an Roinn. Gheofar anFógra Príobháideachais ina bhfuil tuilleadh eolais ar an bhfoirm iarratais seo ag: <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/gdpr/gdpr.html>. Gheofar sonraí iomlána bheartas Cosanta Sonraí na Roinne, ina leagtar amach an úsáid a bhainfidimid as do shonraí pearsanta mar aon le heolas ar do chearta mar ábhar sonraí ag <https://www.education.ie/en/The-Department/Data-Protection/>. Gheofar sonraí an bheartais seo i gcóip chrua, leis, ó Théarmaí & Coinníollacha Múinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659, ach é a iarraidh.

